C/2026/4089

24.7.2026

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Meitheamh 2026**

**maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an Iorua ag a teorainneacha farraige a bhfuil naisc bád farantóireachta acu leis an Danmhairg, an Ghearmáin agus an tSualainn i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)**

**(is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

(C/2026/4089)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú an rialaithe teorann atá beartaithe, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Cuireann an Iorua *acquis* Schengen i bhfeidhm agus glacann sí páirt sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha i gcomhréir leis an gComhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas na hIorua le *acquis* Schengen ([2]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(5) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin.

(6) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024 ([3]). Dá réir sin, rinneadh tús na dtréimhsí uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Chód Teorainneacha Schengen a ríomh ón dáta sin.

(7) Le litir dar dáta an 14 Deireadh Fómhair 2024, thug údaráis na hIorua fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag na teorainneacha inmheánacha farraige a bhfuil naisc bád farantóireachta acu laistigh den Limistéar Schengen (calafoirt Oslo, Sandefjord, Larvik, Kristiansand, Stavanger, Bergen), ón 12 Samhain 2024 go dtí an 11 Bealtaine 2025.

([1]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.
([2]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
([3]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(8) Le litir dar dáta an 11 Aibreán 2025, thug údaráis na hIorua fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn inmheánaí a fhadú an dara huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Bealtaine 2025 go dtí an 11 Samhain 2025. Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na hIorua fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn inmheánaí a fhadú an dara huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Samhain 2025 go dtí an 11 Bealtaine 2026. Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na hIorua fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn inmheánaí a fhadú an tríú huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Bealtaine 2026 go dtí an 11 Samhain 2026.

(9) Bhí an Iorua páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Tar éis fógra a fháil ón Iorua maidir le fadú, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(4) de Chód Teorainneacha Schengen.

(10) Tugadh tuairisc ar staid na himeartha faoi láthair ag na teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 ([4]) agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(11) Ós rud é gur athbhunaigh an Iorua an rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha farraige a bhfuil naisc bád farantóireachta acu agus go ndearna sí é a fhadú acu, ar bhonn an fhorais chéanna agus ar feadh tréimhse leanúnach níos faide ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann sin.

(12) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí thuasluaite uile, arna forlíonadh leis an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid oifigiúla eile, nithe atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo a leanas.

## MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ

### I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(13) Tugann an Coimisiún faoi deara gur tugadh fógra faoi athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí chomh maith leis na faduithe air i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 25a(4) de Chód Teorainneacha Schengen, is é sin 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh theacht i bhfeidhm athbhunú nó fhadú an rialaithe teorann inmheánaí.

(14) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearnadh na fógraí i gcomhréir leis an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún ([5]).

(15) Le hAirteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil an rialú teorann i bhfeidhm ar feadh 6 mhí, measúnú riosca a sholáthar in aon fhógra ina dhiaidh sin ina léireofar scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair do na húdaráis náisiúnta measúnú beacht a dhéanamh ar scála agus ar fhad réamh-mheasta na bagartha tromchúisí, tugann an Coimisiún dá aire nach measúnú riosca mionsonraithe de bhun Airteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen atá san fhaisnéis a sholáthraítear sna fógraí, ina gcuirtear san áireamh treochtaí ó thaobh fhorbairt na bagartha tromchúisí sa tréimhse roimh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, agus ina n-úsáidtear anailísí riosca arna n-ullmhú ar an leibhéal náisiúnta agus ag gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.

(16) Tugann an Coimisiún dá aire nár chuir an Iorua tuarascáil isteach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, lena gceanglaítear ar Bhallstát tuarascáil a chur isteach maidir le hathbhunú agus fadú rialaithe teorann inmheánaí tráth a rachaidh 12 mhí in éag, arbh é an 12 Samhain 2025 a bheadh ann.

([4]) COM (2025) 185 final.

([5]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

**Seasamh Údaráis na hIorua**

(17) Agraíonn údaráis na hIorua bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach agus tagairt á déanamh do sheasamh na hIorua mar tháirgeoir fuinnimh agus mar sholáthróir fuinnimh i ndáil le hoibríochtaí fairsinge leanúnacha faisnéise agus tionchair agus leis an mbagairt shochreidte go ndéanfadh seirbhísí faisnéise na Rúise sabaitéireacht ar bhonneagar criticiúil ar tír agus amach ón gcósta.

(18) Ina tuarascáil náisiúnta ar mheasúnú ar bhagairtí in 2025, deir Seirbhís Slándála Póilíneachta na hIorua go bhfuil 'na scórtha' gníomhaíochtaí sabaitéireachta agus gníomhaíochtaí suaiteacha déanta ag seirbhísí faisnéise na Rúise agus úsáid á baint as seachghníomhaithe ó bhí deireadh 2023 ann. Measann sé gur dócha go ndéanfaidh seirbhísí faisnéise na Rúise iarracht gníomhaíochtaí sabaitéireachta a dhéanamh in aghaidh spriocanna san Iorua in 2025, chun cosc a chur ar an Iorua seachadtaí fuinnimh a dhéanamh chuig an Úcráin agus tionchar diúltach a imirt ar thuairimí an phobail maidir le tacaíocht don Úcráin. Leis na hionsánna a rinneadh le dróin de bhunáitíocht anaithnid in aerspás na hIorua, rud a chuir isteach ar an eitlíocht shibhialta, deimhnítear go bhfuil teannas slándála ann.

(19) Cuireann údaráis na hIorua i dtábhacht go bhfuil athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí a athbhunú, atá teoranta ó thaobh raon feidhme oibríochtúil agus geografach de araon, comhréireach don mhéid atá fíor-riachtanach chun bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí a chosc.

(20) Tá na rialuithe bunaithe ar riosca, agus baintear úsáid as liostaí paisinéirí. Déantar formhór na seiceálacha go fíorúil a bhuí leis an úsáid fhorleathan a bhaintear as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil trí fhaisnéis taistil ó oibreoirí muirí a fháil agus a phróiseáil roimh ré. Ar an meán, le linn na tréimhse ó mhí na Bealtaine go mí na Nollag 2025, ní dhearnadh ach 0,12 % de phaisinéirí a rialú go fisiceach.

(21) Cuireann Póilíní na hIorua i dtábhacht go mbailítear faisnéis luachmhar trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú, agus go gcuidíonn sé le cosc a chur ar ghníomhaithe mailíseacha eachtracha taisteal chuig an Iorua.

(22) Ceanglaítear le reachtaíocht náisiúnta na hIorua rialú teorann inmheánaí a athbhunú go foirmiúil chun go mbeidh na húdaráis in ann oibleagáid a chur ar oibreoirí bád farantóireachta liostaí paisinéirí a tharchur chuig na póilíní. Tá scrúdú á dhéanamh ag an Aireacht Dlí agus Chirt agus Slándála Poiblí chun féachaint an féidir creat dlíthiúil náisiúnta nua a bhunú lena gceadófaí faisnéis taistil a fháil ó oibreoirí muirí gan gá le dul i muinín rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

**Barúlacha ón gCoimisiún**

(23) Chuir údaráis na hIorua faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann a athbhunaíodh.

(24) Tugann an Coimisiún dá aire an bhagairt thromchúiseach atá ann faoi láthair ar an mbonneagar fuinnimh ar tír agus amach ón gcósta, mar a shuigh Seirbhís Slándála Póilíneachta na hIorua agus cuireann teagmhais sabaitéireachta agus ionsaithe hibrideacha roimhe leis an mbagairt sin.

(25) Measann an Coimisiún nach bhfuil faisnéis atá mionsonraithe go leor i bhfógraí na hIorua, faisnéis a chuirfeadh ar a chumas dó a shuí conas a chuidíonn rialú teorann inmheánaí a athbhunú le haghaidh a thabhairt ar an mbagairt a bhaineann le seirbhísí faisnéise na Rúise. Tugann an Coimisiún dá aire gur cibirionsaithe a bhí sna hionsaithe a

rinneadh le déanaí ar bhonneagar fuinnimh na hIorua. Na Stáit Schengen treoirlínte an Choimisiúin an 30 Meán Fómhair 2022 maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha agus rialuithe ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart go mbeadh an méid sin ina mhodh breise chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní slándála a shainaithnítear san fhógra ([6]).

(26) Cé go n-aithníonn an Coimisiún luach na faisnéise a fhaightear trí fhaisnéis taistil a phróiseáil, tugann sé dá aire nach gceadaítear le reachtaíocht na hIorua do na póilíní an fhaisnéis sin a fháil ach amháin tar éis rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

III. BEARTA MALARTACHA

**Seasamh Údaráis na hIorua**

(27) Chuir údaráis na hIorua dhá bheart mhalartacha in iúl ina bhfógraí. Áitíonn siad, áfach, nach féidir na bearta malartacha sin a dhéanamh mar mhalartú iomlán ar athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(28) Ar an gcéad dul síos, glacann na tíortha Nordacha uile páirt i bhformáid ar a dtugtar an Comhar Póilíneachta Nordach agus comhroinneann siad faisnéis oibríochtúil laistigh den fhoghrúpa Léiriú Staide Nordach. Tá an comhar an-dlúth, go háirithe i réigiúin teorann. Osclaíodh stáisiún póilíní comhpháirteach nua ar an teorainn idir an Iorua agus an tSualainn in Magnormoen i mí Mheán Fómhair 2025.

(29) Ar an dara dul síos, in 2024 tháinig an Bheilg, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Iorua, an Ríocht Aontaithe agus an Danmhairg ar chomhaontú maidir le Dearbhú Comhpháirteach maidir le comhar i ndáil le cosaint an bhonneagair chriticiúil sa Mhuir Thuaidh. Oibríonn siad i gcomhar le chéile ar bhearta slándála, roinneann siad faisnéis agus eolas agus tuairiscíonn siad faisnéis ábhartha ar an leibhéal oibríochtúil. Dírítear sa Dearbhú Comhpháirteach ar athléimneacht agus ar chosc agus, dá bhrí sin, tá sé comhlántach le hobair ECAT, ina bhfuil na tíortha thuasluaite uile rannpháirteach.

**Barúlacha ón gCoimisiún**

(30) Tugann an Coimisiún dá aire dlúthchomhar póilíneachta na hIorua chomh maith le malartú faisnéise agus eolais lena comharsana díreacha.

(31) Níor ghlac an Iorua an reachtaíocht náisiúnta is gá go fóill lena gcuirfí ar a gcumas do na póilíní faisnéis taistil a fháil ó oibreoirí muirí in éagmais rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(32) Ceadaítear faisnéis taistil a bhaineann le nasc bád farantóireachta laistigh de limistéar Schengen a fháil agus a úsáid faoi Airteagal 23(a) de Chód Teorainneacha Schengen. Leis an Airteagal sin cuirtear ar a gcumas do na húdaráis inniúla cumhachtaí póilíneachta nó cumhachtaí poiblí eile a fheidhmiú ar a gcríoch, lena n-áirítear ina limistéir teorann inmheánaí, mar a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta, a mhéid nach bhfuil éifeacht choibhéiseach ag feidhmiú na gcumhachtaí sin agus atá ag seiceálacha teorann ([7]).

(33) Cuireann an Coimisiún san áireamh nach bhfuil rochtain ag an Iorua, mar Thír atá Comhlachaithe le limistéar Schengen, ar an leibhéal céanna faisnéise maidir le bagairtí slándála agus atá ag Ballstát den Aontas i bhfianaise a rannpháirtíochta teoranta i gcomhar trasteorann maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac.

([6]) C(2022) 7111 final Teachtaireacht ón gCoimisiún 1. lena nuashonraítear treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha tar éis Chinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise maidir le heisiúint víosaí do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a éascú a chur ar fionraí go hiomlán; agus 2. lena soláthraítear treoirlínte maidir le rialuithe a dhéantar ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha. Léireodh na figiúirí go bhfuil na Ballstáit ag leanúint na dtreoirlínte i gcoitinne: tá laghdú tagtha ar an líon foriomlán víosaí a eisíodh d'iarratasóirí Rúiseacha ó níos mó ná 4 mhilliún víosa a eisíodh in 2019 go dtí thart ar 0,5 milliún in 2024. Tá athrú tagtha ar an ráta diúltaithe víosa ó 1,5 % in 2019 go 7,5 % in 2024.

([7]) Breithiúnas na Cúirte an 21 Meitheamh 2022 Ligue des droits humains, Cás C-817/19, ECLI:EU:C:2022:491.

(34) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéanfaidh Córas Faisnéise Schengen ([8]) nua chomh maith le teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, ina bhfuil an Iorua rannpháirteach, na teorainneacha seachtracha a dhaingniú a thuilleadh ([9]).

(35) Tugann an Coimisiún dá aire nach dtugann údaráis na hIorua tuilleadh sonraí faoin ráiteas sna fógraí uathu nach féidir bearta malartacha a dhéanamh in ionad rialú teorann inmheánaí.

IV. BEARTA MAOLAITHE

**Seasamh Údaráis na hIorua**

(36) Áitíonn an Iorua gur beag an tionchar ar thaisteal trasteorann agus ar shaorghluaiseacht laistigh den limistéar gan rialú teorann inmheánaí, mar gheall ar an gcaoi a ndéantar rialú teorann.

(37) Ó bhí 2013 ann, tá ardán ar líne, SafeSeaNet Norway, á chur i bhfeidhm ag an Iorua, lena n-éascaítear na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar oibreoirí iompair mhuirí a bhfuil sé beartaithe acu dul isteach i gcalafort atá suite i gcríoch na hIorua nó é a fhágáil.

**Barúlacha ón gCoimisiún**

(38) Léirítear sna fógraí a chuir údaráis na hIorua isteach go bhfuil siad tiomanta a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe teorann inmheánaí de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(39) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar rialú teorann ar bhealach spriocdhírithe rioscabhunaithe, chun an tionchar ar thaisteal trasteorann a theorannú agus chun nach ndéantar rialú fisiciúil ach ar chéatadán an-bheag paisinéirí.

(40) Tá oibríochtaí d'oibreoirí iompair mhuirí éascaithe le hardán SafeSeaNet Norway.

(41) Cinneann an Coimisiún nach bhfuil faisnéis i bhfógra na hIorua faoi aon bheart maolaitheach breise.

([8]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj); Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj); Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO L, 2025/13, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([9]) Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

(42) Tá fógra tugtha ag an Iorua faoina réigiúin trasteorann faoi Airteagal 42b de Chód Teorainneacha Schengen.

(43) Ní mhínítear san fhógra ón Iorua an bhféadfadh sé go mbeadh tionchar níos mó ag athbhunú an rialuithe teorann ag a teorainneacha farraige a bhfuil naisc bád farantóireachta acu le Ballstáit eile ar roinnt réigiúin teorann ná ar réigiúin teorann eile.

V. MOLTAÍ

(44) Molann an Coimisiún d'údaráis na hIorua a gcomhar agus a malartú faisnéise le Ballstáit eile a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear, i gcás inar gá, é sin a dhéanamh trí chomhaontuithe comhair póilíneachta iltaobhacha agus déthaobhacha le Ballstáit chomharsanachta a thabhairt cothrom le dáta.

(45) Ba cheart d'údaráis na hIorua leas iomlán a bhaint as na bearta malartacha breise atá ar fáil mar a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún ([10]) agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe, lena ndéanfaí na bearta atá ann faoi láthair a threisiú agus a chomhlánú.

(46) Faoin Rialachán maidir le Scagadh ([11]), atá mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, tá seiceáil slándála ar na bunachair sonraí ábhartha uile ina cuid den scagadh ag na teorainneacha seachtracha, agus laistigh den chríoch freisin.

Ba cheart don Iorua reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena gceadaítear do na póilíní faisnéis taistil a fháil ó oibreoirí muiriompair gan iallach a bheith orthu dul i muinín rialú teorann inmheánaí a athbhunú, agus conair ama a chur i láthair chun an reachtaíocht náisiúnta sin a ghlacadh.

(47) Measann an Coimisiún, trína reachtaíocht náisiúnta a oiriúnú, go mbeadh údaráis na hIorua in ann leanúint de na seiceálacha is gá a dhéanamh ar phaisinéirí bád farantóireachta ar bhonn faisnéis faoi phaisinéirí, rud a chuirfeadh ar a gcumas dóibh leas slándála na hIorua a chosaint, gan dul i muinín rialú teorann inmheánaí a athbhunú go foirmiúil. Ar an mbonn sin, molann an Coimisiún don Iorua oibriú chun deireadh a chur de réir a chéile le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Fanfaidh sé i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Magnus BRUNNER
*Comhalta den Choimisiún*

([10]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).